Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008

Oifigí Riaracháin, Cearnóg Radharc an Teampaill, An Cabhán, Co. an Chabháin

(049) 433 1044

www.cavanvec.ie

Ráiteas Misin

Is údarás oideachais é Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin
a chuireann réimse cuimsitheach de sheirbhísí oideachais, oiliúna agus tacaíochta
lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil.
Tá sé mar sprioc ag an gCoiste oideachas saoil a chur ar fáil i dtimpeallacht foghlama
nuálaíoch, freagrúil, comhbhách agus solúbtha.
Tá an Coiste tiomanta an rochtain is mó a chur ar fáil do dhaoine
ag gach aois agus cúlra agus chun cáilíocht agus sármhaitheas
a bhaint amach i ngach gné dá gcuid oibre
Baineann siad amach é seo trína gcuid scoileanna féin, Institiúid an Chabháin,
Ionaid Foghlama agus i gcomhar le soláthraithe oideachais agus oiliúna
eile sa chontae chun freastal a dhéanamh ar riachtanais teicneolaíochta,
eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha an phobail a bhíonn ag athrú go síoraí.

Fís Choiste Ghairmoideachais Chontae an Chabháin

"Córas oideachais a fhorbairt a chothaíonn foghlaim ar feadh an tsaoil i
ngach ionad oideachais agus oiliúna Choiste Gairmoideachais i gcur chuige
córasach atá cuimsitheach, a bhfuil meas aige ar ilchineálacht chultúrtha
agus a chuireann i bhfeidhm riachtanais reachtacha."

Réamhrá

Aitheasc an Phríomhfheidhmeannaigh

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2008 ó Choiste Ghairmoideachais Chontae an Chabháin a chur os bhur gcomhair.

Le linn 2008 bhí líon mór na seirbhísí oideachais atá á gcur ar fáil ag Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin á oiriúnú, a bhfeabhsú agus á fhairsingiú aige i gcónaí. Sa bhliain seo d'fhás líon na ndaoine a chláraigh ar fud na n-ionad oideachais agus cuireadh tús le réimse nua ar fad de chláir agus de sheirbhísí.

Ba iad na cuspóirí a leagadh síos i bPlean Oideachais Choiste Ghairmoideachais Chontae an Chabháin 2006-2010 faoi chúig cinn de réimsí téamacha a chuir ar aghaidh an forás, an fhairsingiú agus an fhorbairt atá bainte amach againn:

- Forbairt agus feabhsú ar sholáthar seirbhís oideachais
- Forbairt seirbhísí don aois óg agus seirbhísí spóirt
- Cuspóirí ó thaobh caidrimh phoiblí a bhí le baint amach
- Comhpháirtíochtaí a forbraíodh agus a feabhsaíodh
- Forbairt leantach na heagraíochta

Is i gcóimheas leis an mórphlean seo a leagadh amach roinnt sainchuspóirí don bhliain 2008 agus aithníodh iad seo i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo caite. Chífear sa tuarascáil seo gur éirigh linn gach aon cheann de na cuspóirí seo a bhaint amach, geall leis, agus tuilleadh nach iad. Sa tuarascáil seo leagtar amach réimse cuspóirí ilchineálacha le haghaidh 2009. Tá siad go léir ar aon dul leis na spriocanna agus leis na téamaí atá aitheanta sa Phlean Oideachais 2006-2010.

Molaim an Coiste Gairmoideachais agus an fhoireann ar fad de bharr a ndílseachta agus na hoibre crua a rinne siad i gcaitheamh 2008. Leanadar orthu ag seachadadh oideachais ardcháilíochta agus seirbhísí tacaíochta den scoth ar fud an chontae. Mar fhocal scoir gabhaim buíochas ar leith le Finola Keogh as an gcúnamh a thug sí i leith an tuarascáil seo a chur le chéile.

Colm McEvoy
Príomhfheidhmeannach

Comhthéacs

Maoinítear Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Bunaíodh é de bhun achtú an Acht Gairmoideachais, 1930. Is é an tAcht Gairmoideachais, 1930 an t-acht bunaithe d'eagrú agus do sheirbhísí Coistí Gairmoideachais agus ba chóir é a léamh i bhfianaise achtanna leasaitheacha, go háirithe i bhfianaise Acht Oideachais na bliana 1998, acht lena ndéantar reachtaíocht i leith earnáil an oideachais ar fad. De bhreis air seo moltar é a léamh i bhfianaise an Acht Gairmoideachais (Leasú), 2001.

Éilíonn alt 29 den Acht Gairmoideachais (Leasú) 2001 ar Choistí Gairmoideachais tuarascáil bhliantúil i dtaobh comhlíonadh a gcuid feidhmeanna sa bhliain atá thart a ullmhú, glacadh léi agus í a chur faoi bhráid an Aire. Sa tuarascáil seo comhlíontar an ceanglas dlíthiúil seo agus tugtar inti léargas ar an soláthar oideachais agus na seirbhísí eile a thug Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin, agus ar a fheabhas a chruthaigh sé i 2008 i gcóimheas lena raibh leagtha amach sa phlean. Chomh maith leis sin, tugtar ráiteas airgeadais don bhliain 2008.

Forbhreathnú ar Sheirbhísí

Soláthraíonn Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin iliomad seirbhísí oideachais, tacaíochta agus seirbhísí eile nach iad trína phríomhoifig, trí cheithre cinn de bhunscoileanna dá chuid, trí cinn d'ionaid Ógtheagamhála, a choláiste IarArdteistiméireachta, is é sin, Institiúid an Chabháin, trí Ionad Foghlama d'Aosaigh an Chabháin, trí Sheirbhísí don Aos Óg agus trí mhórán ionad oieachais ar fud an chontae. Lasmuigh de seo soláthraíonn sé seirbhísí oideachais do phobal an phríosúin ag Tigh an Locháin in Iarthar an Chabháin. Tá roinnt tionscnamh réigiúnach agus náisiúnta faoi stiúir an Choiste Ghairmoideachais seo, leis. Áirítear iontu seo Seirbhís Tacaíochta um Breisoideachas agus an tAonad Tacaíochta náisiúnta do Sheirbhísí Gairmiúla. Léirítear an réimse seirbhísí oideachais agus seirbhísí eile anseo thíos.

Méadú ar líon na gClárúchán

Tá méadú seasta ag teacht ar rolla Choiste Ghairmoideachais Chontae an Chabháin ó thosach an deich mbliana seo i leith mar a léirítear thíos. Is fianaise é seo ar fheabhas an oideachais a thugtar inár gcuid scoileanna agus inár gcoláiste IarArdteistiméireachta, ar nuálaíocht ag an dara leibhéal, ar an mbaint thábhachtach atá ag cúrsaí iarArdteistiméireachta le héilimh an tionscail agus ar chur chuige atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, cur chuige a ghlacann an fhoireann ar fad, idir fhoireann múinteoireachta túslíne agus foireann tacaíochta.



Buaicphointí 2008

Tá an Plean Oideachais 2006-2010 mar threoir ag obair Choiste Ghairmoideachais an Chabháin agus cabhraíonn sé linn pleanáil a dhéanamh don am atá amach romhainn agus an dul chun cinn atá á dhéanamh againn a mheas i gcomórtas leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe. Aithníodh na cuspóirí don bhliain 2008 agus iad arna ailiniú leis an bPlean Oideachais, i dTuarascáil Bhliantúil na bliana 2007. Baineadh na cuspóirí ar fad amach, geall leis, agus tugtar achoimre orthu anseo thíos sa mhéid go luaitear buaicphointí a bhí ag na scoileanna agus ag na hionaid oideachais éagsúla.

Iarbhunscoileanna

Bhí na ceithre iarbhunscoileanna atá faoi riarachán Choiste Ghairmoideachais Chontae an Chabháin ag soláthar réimse leathan cláir oideachais i gcónaí sa bhliain acadúil 2007-2008, idir chláir acadúla agus cláir seach-churaclaim. De bhreis air seo chuir Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin togra mionsonraithe isteach maidir le bunú iarbhunscoile eile, an cúigiú ceann, i nDún an Rí, chun freastal ar riachtanais na ndaoine óga sa scoilcheantar seo. Áirítear iad seo a leanas ar na buaicphointí a bhí ag ár gcuid scoileanna i gcaitheamh na bliana seo:

Coláiste Bhreifne, An Cabhán

- Sheol an tAire um Foghlaim ar feadh an tsaoil an córas riaracháin ríomh-thairsí.
- Tugadh isteach an clár idirbhliana agus tugadh isteach Grafaíochta Dearaidh agus Cumarsáide mar ábhar ardteistiméireachta.
- Bhí baill den bhfoireann rannpháirteach i gclár Forbartha Gairmiúla. Leantaí le haghaidh ceannaireachta ag an meánleibhéal arna reáchtáil ag LDS (Leadership Development in Schools/Forbairt Ceannaireachta i Scoileanna).
- Ghnóthaigh togra d'iontráil beirt dhalta i dTaispeántas na nEolaithe Óga moladh.
- Bíonn daltaí rannpháirteach sa clár KEY. Tionscnamh fiontraíochta trasteorann atá ann.
- Thug an Cairdinéal Seán Ó Brádaigh cuairt ar an scoil agus thug sé a bheannacht. Cuireadh crann chun an ócáid seo a chomóradh.
- Úsáideadh maoiniú ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoin Tionscnamh T4 chun an seomra Grafaíochta Dearaidh agus Cumarsáide a fhorbairt.

Coláiste Naomh Bricín, Béal Tairbirt

- Tugadh Innealtóireacht agus Ealaín isteach mar ábhar curaclaim ardteistiméireachta agus tairgtear Oideachas Reiligiúin mar ábhar scrúdaithe sa teastas sóisearach.
- Bhí Coláiste Naomh Bricín ar cheann d'ocht scoileanna in Éirinn atá rannpháirteach i ngníomhaíocht Telethon a craoladh ar an teilifís. Thiomsaigh club cadhcála na scoile airgead le haghaidh carthanachta.
- Chuaigh daltaí na scoile ar thurais éagsúla ina n-áirítear turas sciála go dtí an Bhulgáir, turas scoile go dtí an Iodáil, turas allamuigh tíreolaíochta go dtí an Geo Park agus thug Rang OSSP ón chéad bhliain cuairt ar Dháil Éireann.
- Rinne daltaí i nGairmchlár na hArdteistiméireachta tionscadal taighde ar dhaoine spóirt cáiliúla sa Chabhán a bhí ann san am atá thart agus atá ann i gcorp an lae inniu. Seoladh go hoifigiúil é in Iarsmalann an Chontae i mí Feabhra.
- Cuireadh fuinneoga nua isteach faoin gCiste Éigeandála agus rinneadh athchóiriú ar an seomra Eacnamaíocht Bhaile faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh.

Coláiste Naomh Maodhog, An Bábhún Buí

- Leathnaíodh an curaclam de thoradh ar Spáinis, Ealaín,TF agus Corpoideachas a thabhairt isteach.
- D'éirigh leis an gcoláiste clár na hidirbhliana a chur ingníomh ina raibh daltaí ag tabhairt faoi chúrsa oiliúna sna meáin teilifíse, ag glacadh páirte i gclár KEY trasteorann.
- Bhuaigh an fhoireann peile faoi bhun 16 an chéad dhá chluiche de chraobhchomórtas Uladh agus níor bhuaigh aoinne ar na foirne camógaíochta faoi bhun 16 agus faoi bhun 14 i ndiaidh trí ilchomórtais a bheith buaite acu.
- Reáchtáladh an chéad shearmanas bronnta bliantúil do dhaltaí chun aitheantas a thabhairt do ghnóthachtálacha ar leith atá bainte amach ag daltaí sa scoil. Chomh maith leis sin fuair dalta amháin gradam ag Bronnadh Gradam Réigiúnach do Dhaltaí de chuid Banc na hÉireann i gCeanannas.
- Caint faoi Scileanna Staidéir, Ceardlanna Cura, Caint faoi Shláinte Mheabhrach, an Clár Drive for Life agus taispéantas cócaireachta.
- Cuairt chultúrtha an Chláir LET ar Dhaonpháirc Mheiriceánach Uladh, turas allamhuigh maidir le heolaíocht talmhaíochta ar Choláiste Talmhaíochta Bhéal Átha hÉis, cuairt spóirt ar an Ionad Share i Lios na Scéithe agus turas scoile go Barcelona.

Coláiste Achadh an Iúir, Achadh an Iúir

- Tá daltaí ó choláiste Achadh an Iúir rannpháirteach i dTaispeántas na nEolaithe Óga de chuid BT.
- Cuireadh dhá ábhar leis an gcuraclam: Eolaíocht Talmhaíochta agus Spáinnis.
- Thiomsaigh daltaí agus baill foirne an choláiste airgead do Down Syndrome Ireland trí lá feisteas bréige a eagrú.
- Bhí an scoil ina hóstach do chéad aonach bliantúil na ngairmréimeanna. Chuir ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus eagraíochtaí eile nach iad eolas faoi ghairmréimeanna ar fáil do mhic léinn ag an ócáid seo.
- Thug daltaí na dara bliana cuairt ar an Ionad Spáis Eorpach sa Bhruiséil mar chuid de thuras eolaíochta.
- Rinneadh uasghrádú ar sheomra ranga amháin le ríomhairí T4 mar chuid en gcuraclam nua Grafaíochta Dearaidh agus Cumarsáide agus críochnaíodh deisiúcháin ar an díon faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh.
- Chuir an scoil tús le tionscadal Mata, Eolaíochta agus TF.

Institiúid an Chábháin

Bhí fás ag teacht i gcónaí ar líon na ndaoine a chláraigh in Institiúid an Chabháin. Bhí an t-éileamh ar áiteanna ar ár gcúrsaí i bhfad níos mó ná líon na n-áiteanna a bhí ar fáil. Sa bhliain acadúil 2007-2008 bhí 1234 mic léinn cláraithe i gcúrsaí lánaimseartha agus bhí 705 mic léinn cláraithe tríd an scoil oíche. Méadaíodh an soláthar cúrsaí, cuireadh cuma níos éifeachtaí ar fheidhmeanna riaracháin agus baineadh tuilleadh mórspriocanna amach sa mhéid go ndearnadh monatóireacht ar phróisis acadúla ina n-áirítear go dtugadh isteach cruinnithe eatramhacha an bhord scrúdaithe chomh maith le sás aiseolais ar dhul chun cinn mic léinn. Bhíodar seo a leanas i measc na mbuaicphointí a bhí againn le linn na bliana:

Feabhsú ar Sholáthar Oideachais

- Rinneadh athstruchtúrú ar chúrsaí sa tslí go bhfuil siad roinnte ina gcúig scoileanna: Gnó agus Léann Daonna; Teiripe Áilleachta agus Gruagaireacht; Ríomhaireacht, Innealtóireacht agus Eolaíocht; Dearadh, na Taibh-ealaíona agus Seirbhísí; Cúram Sláinte, Spórt agus Oideachas.
- Seoladh cúrsaí nua i bhfaisean, dearadh agus smideadh do na meáin, bainistiú taistil, cúntóir cógaslaine, teicníochtaí eolaíochta agus saotharlainne, oibríochtaí agus riarachán slándála, obair don aos óg, teicneoir ríomhaire agus líonra, teicneolaíocht leictreonach, teicneolaíocht agus dearadh ailtireachta.
- Bunaíodh comhpháirtíocht nua le Fáilte Éireann chun cúrsaí lónadóireachta agus cócaireachta a reáchtáil ag Institiúid an Chabháin.
- Seachadadh cúrsa cúram leanaí de chuid FÁS.
- Rinneadh naisc leis an árachas Quinn Direct chun sainoiliúint foirne a sholáthar.
- Bronnadh conradh SKILLVEC ar an gcoláiste chun cúrsaí teastais/dámhachtainí de chuid CDBOO a sheachadadh do bhaill foirne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- Soláthraíodh an clár “Mind Yourself” (Tabhair aire duit féin), clár um sláinte meabhrach agus um féinmharú a chosc, in Institiúid an Chabháin.
- Tugadh isteach clár um éirí as caitheamh tobac.
- Tionscnaíodh clár malartaithe daltaí leis an nGearmáin.

A bhfuil bainte amach ag mic léinn

- Bronnadh na céad scoláireachtaí spóirt ar chúigear mhac léinn.
- Bhuaigh mac léinn an craobhchomórtas liathróid láimhe tríú leibhéil idir-ollscoile Éireann uile.
- Bhain foireann peile Gaelaí na bhfear cluiche ceannais na hÉireann Uile amach sa chraobhchomórtas F.E.
- Fuair mac léinn sa Scoil Ghnó agus Léinn Dhaonna an chéad áit in Éirinn sna scrúduithe um Chuntasóirí Deimhnithe Poiblí.
- Chuir mic léinn agus baill den bhfoireann léiriúchán den gceoldráma “Joseph” ar siúl in Amharclann Halla an Bhaile sa Chabhán. Bhí an halla líonta acu ar cheithre oícheanta.
- Bhí mic léinn rannpháirteach san ócáid tiomsaithe airgid de chuid Telethon Náisiúnta ar mhaithe le carthanas agus chuireadar troscadh Carghais ar siúl ar mhaithe le Trócaire, de bhreis air sin.
- Reáchtáladh taispeántas d’obair le mic léinn na Scoile Dearaidh, Taibh-ealaíona agus Seirbhísí agus chuir mic léinn ón gCúrsa Ealaíne, Ceirde agus Dearaidh taispeántas ealaíne ar siúl.
- Chuir mic léinn ceoil léiriú ar siúl in Amharclann Halla an Bhaile sa Chabhán.



Forbairtí maidir leis an bhFoireann

- Thug Ollscoil Uladh oiliúint do mheantór foirne.

Feabhas curtha ar áiseanna

- Cuireadh Stiúideo Taifeadta Ceoil den chéad scoth ar bun.
- Cuireadh an cheathrú sciamhlann gruagaireachta ar bun agus osclaíodh sciamhlann tráchtála a chuireann ar chumas na mac léinn Teiripe Áilleachta agus Gruagaireachta airgead a thiomsú ar mhaithe le cúiseanna carthanais.
- Cuireadh an córas Ríomh-thairsí leictreonach um tinreamh mac léinn i bhfeidhm.
- Tugadh isteach Share Point chun an deis a thabhairt don bhfoireann eolas a chomhroinnt ar shlí leictreonach.
- Tugadh isteach áiseanna comhdhála físe i dtreo gur féidir cúrsaí ó Institiúid an Chabháin a sheachadadh go cianda chuig ionaid eile sa tír.
- Ceannaíodh dífhibrileoirí nua agus cuireadh traenáil ar bhaill foirne ina leith.

Cumarsáidí, Comhaontais agus Cuairteanna

- Seoladh forlíonadh nua darb ainm “Cavan Institute Life” sa páipéar nuachta The Anglo Celt.
- Bhí feidhm thábhachtach ag Institiúid an Chabháin i dtaobh bunú Comhaontas an Oir-thuaiscirt um Breis- agus Ardoideachas. Comhaontas cúig coláistí breisoideachais agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgáin is ea é.
- Thug an tAire um Foghlaim ar feadh an tSaoil, Seán Ó hEochaidh TD, cuairt ar Institiúid an Chabháin agus ar ionaid foghlama agus scoileanna eile atá mar chuid de Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin.
- Cuairt agus bronnadh ó ionadaithe de chuid Fondúireacht Marie Keating.

Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh

Bhí líon chomh mór sin foghlaimeoirí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe rannpháirteach sna cláir a cuireadh ar fáil ag seirbhísí oideachais d'aosaigh de chuid Choiste Ghairmoideachais Chontae an Chabháin. Cuireadh tús le roinnt tionscnamh nua, chomh maith. Chuaigh líon na ndaoine a ghlac cúrsaí a bhfuil táille orthu beagáinín i laghad i gcomórtas le taifid na bliana roimhe seo ach tháinig líon níos mó foghlaimeoirí go crsaí teagaisc duine le duine agus go ranganna de ghrúpaí beaga ina dtugtar oiliúint ar an iliomad ábhar éagsúil ar nós ríomhairí, cúram leanaí agus cumarsáid. Suiteáladh bunachar sonraí riaracháin nua sa tSeirbhís Oideachais d'Aosaigh dá ngairtear "SalesPulse". Baintear feidhm as chun taifid foghlaimeoirí a choinneáil don tseirbhís litearthachta, d'oideachas pobail, don tseirbhís treorach agus faisnéise oideachais aosach agus do chúrsaí a mhaoinítear faoin Tionscnamh um Filleadh ar an Oideachas. Áirítear iad seo a leanas ar bhuaicphointí na seirbhísí a chuimsítear sa bhfeidhm seo:

Ionad Oideachais d'Aosaigh an Chabháin

- Ghlac foghlaimeoirí lánfásta ó Ionad Oideachais d'Aosaigh an Chabháin páirt i lá d'fhorbairt mac léinn. Chaith siad cuid den lá ar cuairt chuig Áras an Uachtaráin i dteannta foghlaimeoirí ó sheirbhís litearthachta an Longfoirt. Bhuail an dá ghrúpa le foghlaimeoirí ó scéim 'Léamh agus Scríobh' Bhaile Munna agus d'insíodar dóibh conas atá ag éirí leo agus iad ag tabhairt faoin bhfoghlaim.
- Chuir baill d'fhoireann Institiúid Oideachais d'Aosaigh an Chabháin le hacmhainn foghlama darb ainm "The Developing World". Tá sí seo ceaptha le haghaidh úsáide in oideachas bunúsach d'aosaigh ar fud na tíre.
- Fuarthas maoiniú breise faoin scéim DEIS chun cláir shaincheaptha do theaghlaigh a chur ar siúl
- Sheachadaigh Ionad Oideachais d'Aosaigh an Chabháin clár gairid chun blaiseadh a fháil d'oideachas bunúsach d'aosaigh. Bhí an clár áirithe seo saincheaptha do mhná ón Lucht Taistil agus bhí sé dírithe ar théama na Nollag. De thoradh ar an gclár seo rinne na foghlaimeoirí cartaí, fleasca, tamhain agus maisiúcháin agus iad ag forbairt scileanna litearthachta ag an am céanna. Nuair a bhí an clár críochnaithe lean mórán foghlaimeoirí orthu ag staidéar agus tá siad i mbun cúrsaí CDBOO anois.

Oideachas Pobail

- Bhí Coiste Gairmoideachais an Chabháin rannpháirteach i staidéar taighde ilghníomhaireachta ar Chonstaicí ar an Margadh Saothair atá roimh Thuismitheoirí Aonair sa Chabhán. Tugadh moladh don staidéar seo ag Gradam Réalta Náisiúnta de chuid AONTAS
- I mí Aibreáin 2008 soláthraíodh forlíonadh faoi Shláinte agus Cúram Sóisialta ina mínítear roghanna oideachais sa pháipéar áitiúil, The Anglo Celt
- Tugadh isteach dhá chúrsa nua, cúrsa ardleibhéil Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí, agus Tacaíocht Cúram Sláinte ag Leibhéal 5 CDBOO. Déantar an dara ceann thuas a sheachadadh trí chomhdháil físe
- Ghlac an tseirbhís páirt sa tSeachtain um Feasacht ar Shláinte Meabhrach

An tSeirbhís Treorach agus Faisnéise Oideachais Aosaigh

- Rinneadh dhá cheapachán nua sa tseirbhís i 2008.
- Tugadh tosaíocht do chaidrimh oibre a chur ar bun le seirbhísí éagsúla sa Choiste Gairmoideachais féin agus le Gníomhaireachtaí eile sa chontae.
- Tugadh cuireadh do gach iarratasóir ar chúrsaí na Scéime um Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais buaileadh leis an gComhairleoir um Threoir san Oideachas. Mar thoradh air seo fuair na hiarratasóirí seo breis eolais ar na roghanna cúrsaí atá acu agus ar na slite chun maoiniú a fháil.

Seirbhís don Aos Óg

- Tiomsaíodh an chéad eolaire ar chlubanna agus grúpaí óige áitiúla i gCo. an Chabháin agus seoladh é
- Dháil an tseirbhís don aois óg maoiniú ar ghrúpa agus chlub óige mar chuid de scéim dheontais do chlubanna óige áitiúla
- Reáchtáladh lá eolais don aos óg inar díríodh ar oideachas drugaí agus ar tuiscint orthu a chur chun cinn
- Cuireadh oiliúint i gceannaireacht óige agus cosaint leanaí ar cheannairí óige

Ógtheagmháil an Chabháin

- Méadaíodh líon na n-áiteanna do dhaoine faoi oiliúint.
- Tugadh isteach seacht modúil nua: Cúram Áilleachta, Feasacht Choireachta, Gruagaireacht, Gairneoireacht, Tíreolaíocht, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Taithí Oibre. Tugtar an deis d'fhoghlaimeoirí teastas CDBOO ag leibhéal 3 agus 4 a bhaint amach sna cúrsaí seo.
- Tugadh Teastais um Foghlaim Ginearálta ag leibhéal 3 CDBOO and Teastais Chomhphairte ag leibhéal 3 agus 4 CDBOO do dhaoine faoi oiliúint.
- I measc na ngníomhaíochtaí tiomsaithe airgid bhí Achainí Bosca Bróige Nollag agus beárbaiciú ar mhaithe le Childline.

Ógtheagmháil Mhuinchille

- D'éirigh le foghlaimeoirí punanna le haghaidh creidiúnaithe CDBOO a chur isteach i mí Bhealtaine.
- Dearadh múrmhaisiú don chlós súgartha in eastáit tithíochta áitiúil.
- Tá Céim 1 de Thionscnamh an Chreat Cáilíochta críochnaithe agus tá tús curtha le Céim 2.
- Cuireadh earraí ceardaíochta ar thaispeáint i Seó Bóthair na nEalaíon (Arts Road Show) i gCora Droma Rúisc.
- Foilsíodh an meastachán Ionaid uile a rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
- Thug an eagraíocht Alcólaigh gan Ainm caint d'fhoghlaimeoirí faoin bhaol a bhaineann le handúil san alcóil.
- Seachadaíodh cártaí Nollag lámhdhéanta chuig na gnóthais áitiúla ar fad.

Ógtheagmháil Dhún an Rí

- D'éirigh le foghlaimeoirí punanna le haghaidh creidiúnaithe CDBOO a chur isteach i mí Bhealtaine.
- Fuair foghlaimeoir boinn chré-umha na Dámhachtana Gaisce.
- Líonadh 120 bosca bróige agus dáileadh iad ar pháistí atá beo bocht mar chuid d'Achainí Nollag na Samárach.
- Chríochnaigh foghlaimeoirí clár oiliúna trasteorann um Idirchultúrachas agus Éagsúlacht.
- Turas go deisceart Shasana. Tugadh cuairt ar Stonehenge, ar Thorpe Park i Londain, ar Pháirc Safari Longleat, ar bhaile ollscoile Bath agus ar Poole ar ionad saoire cois farraige é.

Oideachas sa Phríosún

Cuireann Coiste Gairmoideachas Chontae an Chabháin oideachas do phríosúnaigh ar fáil in Ionad Coinneála Oscailte Teach an Locháin sa Bhlaic. Bhíodar seo a leanas ar na forbairtí tábhachtacha a tharla san Ionad Oideachais:

- Tháinig méadú ar phobal an phríosúin. Chuir sé seo dúshlán nua roimh an Ionad Oideachais
- Tugadh faoi bhreis gníomhaíochtaí i dtionscnaimh threoracha d'Aosaigh. Bhí siad dírithe ar chabhair a thabhairt d'fhir a bhí ag ullmhú i gcomhair a bhfuascailte
- Tugadh isteach cúrsaí Safepass, Oibriú Forcardaitheora, Rotha Scrábacha, agus Cuir tús le do Ghnó féin
- Rinne mic léinn ealaíne taispeántas dá gcuid oibre i dTaispeántas náisiúnta Ealaíne Príosúin i gCill Mhaighneann
- Cuireadh tuilleadh gníomhaíochtaí spóirt ar an gclár ama mar thoradh ar páirc imeartha uile aimsire Astroturf nua a bheith tógtha
- De thoradh ar Naisc Oideachais le grúpa pobail áitiúil cuireadh togra oibre deonaí ar bun inar fuasclaíodh príosúnaigh chun obair a dhéanamh i dtogra garraíodóireachta san áitreabh pobail.
- Mar chuid den gclár breisithe samhraidh tugadh faoi ghníomhaíochtaí sa seomra ranga, gníomhaíochtaí eachtraíochta faoin aer, turasanna oideachasúla agus ranganna oíche corpoideachais. Ba mhór ag bainistíocht an phríosúin é seo agus thugadar aitheantas go dhílseacht an Choiste Ghairmoideachais d'oideachas príosúin, go háirithe i bhfianaise an fháis atá tagtha ar líon na bpríosúnach.
- Socraíodh seisiúin eolais do scoileanna a thug cuairt ar Theach an Locháin mar ullmhú don scrúdú teastais shóisirigh in Oideachas Sibhialta, Sóisialta agus Polaitiúil. Chuir mic léinn níos sine spéis sa tSeirbhís Phríosúin mar rogha gairme.
- D'fhreastal an Gobharnóir, an Príomhoifigeach agus an Príomh-mhúinteoir ar shearmanas gradaim i gCraigavon, áit gur bronnadh teastais ar na fir óga a chríochnaigh dianchúrsa do dhaoine idir 18-25 bliana d'aois. Ba é seo an t-aon chúrsa dá shóirt sa tír a thaigtear don aosghrúpa seo.
- D'óstáil an Gobharnóir agus an fhoireann teagaisc fáiltiú don Aire Dlí agus Cirt, an tUas. Brian Ó Luineacháin TD.

Tuarascáil Airgeadais

Tá ceanglas reachtúil ar Choiste Gairmoideachais an Chabháin ráiteas bliantúil ar a gcuntais a ullmhú faoin Acht Gairmoideachais (Leasú) 2001. Cuirtear an ráiteas airgeadais isteach ar fhoirm V15 agus feidhmíonn sé seo mar bhunús don phóiseas iniúchóireachta a dhéanann an tArdreachtaire Cuntas agus Ciste gach bliain. Taispeánann an tábla seo a leanas na híocaíochtaí agus na fáltais (arna n-iniúchadh) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

Cuntas an Chisteora don Bhliain dar Críoch 31/12/2008			
	Gnáthchuntas	Cuntas Caipitil	Iomlán
Airgead tirim sa bhanc (Ró-tharraingt bainc) ar an 01/01/2008	€2,834,288	€535,637	€3,369,925
Coigeartú do Chuntais Bainc na Scoileanna	€587		€587
Fáltais i 2008	€27,373,636	€545,623	€27,919,259
Aistriú Cistí	€46,000	(€46,000)	—
Íocaíochtaí i 2008	(€27,137,958)	(€959,897)	(€28,097,855)
Airgead tirim sa bhanc (Ró-tharraingt bainc) ar an 31/12/2008	€3,116,553	€75,363	€3,191,916

Cuspóirí le haghaidh 2009

Aithníodh na cuspóirí seo a leanas mar réimsí tosaíochta a chaithfear a chur chun cinn i 2009. Déantar na cuspóirí a eagrú de réir catagóire faoi chúig cinn de théamaí a deimhníodh mar chuid de Phlean Oideachais Choiste Ghairmoideachais an Chabháin 2006-2010.

Sprioc 1: Forbairt & Feabhas a chur ar Sholáthar an tSeirbhís Oideachais

- Cláir a fhorbairt ag na Leibhéil nua 1 & 2 CDBOO ar Chreatlach Náisiúnta na gCáilíochtaí
- Áis oideachais shoghluaiste a thabhairt isteach – An Bus Foghlama
- Athbhreithniú leanúnach ar chúrsaí Institiúid an Chabháin a dhéanamh agus cur leo
- Seirbhísí Treoracha Oideachais a chur ar fáil go háitiúil mar sheirbhísí for-rochtana
- Staidéar Féidearthachta a dhéanamh d'fhéachaint an bhfuil gá le hIonad nua Ógtheagmhála in Iarthar an Chabháin (An Damhshraith)
- Coinneáil le maoiniú a lorg chun áis d'oideachas aosaigh a chur ar bun i mBaile Shéamuis Dhuibh
- Teastas Náisiúnta sa Chlár Aclaíochta agus Folláine a chur ar fáil i gcomhar le hOllscoil Luimnigh
- Cead pleanála agus maoiniú a dhaingniú chun Áis Oideachais faoin Aer a fhorbairt ag Teach na Coirre Airde, An Damhshraith
- Feabhas a chur ar áiseanna leabharlainne, spóirt agus ar áiseanna a ghabhann leo d'fhoghlaimeoirí ag Institiúid an Chabháin
- Cur le soláthar oiliúna inchuideachta d'fhoirne gnóthas áitiúil sa Chabhán
- Áis chumarsáide atá bunaithe ar theachtaireachtaí téacs a chur ar bun idir scoileanna agus tuismitheoirí
- Ionad oideachais ilchuspóra nua a shaothrú
- Cóiríocht a fheabhsú i ngach scoil de chuid an Choiste Ghairmoideachais agus ag Institiúid an Chabháin
- Déanfar athbhreithniú ar riachtanais chóiríochta Ionad Ógtheagmhála Mhuinchille
- Áiseanna páirceála gluaisteán a fheabhsú ag Institiúid an Chabháin

Sprioc 2: Forbairt Seirbhísí don Aos Óg agus Seirbhísí Spóirt

- Cláir a fhorbairt agus a sheachadadh do cheannairí deonacha óige ar fud an chontae
- Plean Straitéiseach na Comhpháirtíochta Spóirt a fhoilsiú i gcomhar le comhpháirtithe eile

Sprioc 3: Cuspóirí maidir le Caidrimh Phoiblí a bhaint amach

- Beartas comhionannais ar fud na heagraíochta a phleanáil agus a fhorbairt agus Grúpa Oibre um Comhionannas a chur ar bun
- Pleanáil agus comhairliú maidir le suíomh idirlín nua don gCoiste Gairmoideachais, suíomhanna idirlín nua do na scoileanna agus suíomh idirlín nua d'Oideachas Aosaigh
- Leanúint de sheirbhísí Choiste Ghairmoideachais an Chabháin, a chuid pleananna forbartha, mórghníomhartha agus gnóthachtálacha a chur chun cinn
- An tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú chun í a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus chun í a scaipeadh níos faide amach

Sprioc 4: Comhpháirtíocht a fhorbairt agus a fheabhsú

- Cláir do dhaoine óga a maoiníodh trí PEACE III a sholáthar go céimneach i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae an Chabháin
- Soláthar clár foghlama teaghlaigh a mhéadú i gcomhpháirtíocht le Teagmháil Baile is Scoile
- "Seó Bóthair um Faisnéis Treorach" a fhorbairt agus a chur i ngníomh go céimneach i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Eolas do Shaoránaigh agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Cláir oiliúna a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le FÁS agus Fáilte Éireann

Sprioc 5: Forbairt Leantach na hEagraíochta

- Próisis chomhairliúcháin agus phleanála a tionscnamh chun Plean Straitéiseach cúig bliana a fhorbairt d'Institiúid an Chabháin
- An clár um Forbairt Leantach Gairmiúil a chur i ngníomh de réir a chéile
- Lá um "Comhtháiteacht Eagraíochta agus Oiliúna" don bhfoireann ar fad a reáchtáil
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chaighdeáin cháilíochta
- Aistriú chuig cóiríocht na ceanncheathrún nua
- Coiste TFC don eagraíocht ar fad a chur ar bun chun taighde agus pleanáil a dhéanamh maidir le caighdeáin nua TF, chun iad a chur i ngníomh agus chun Straitéis TF Choiste Ghairmoideachais an Chabháin a fhorbairt don tréimhse 2010-2015
- Clár píolótach a lainseáil chun tacaíocht TF a chur ar fáil do scoileanna nach mbaineann leis an gCoiste Gairmoideachais ar bhonn seirbhíse seachfhoinsithe
- Córas earcaíochta ar líne a thabhairt isteach tríd an suíomh idirlín www.vecjobs.ie a úsáid

Liosta Scoileanna, Ionad & Clár

Scoil/Ionad/Clár	Teileafón	Príomh-Oide/Bainisteoir/Stiúrthóir
Oifigí Riaracháin, An Cabhán	049 433 1044	Colm McEvoy (CEO)
Coláiste Naomh Maodhog, An Bábhún Buí	049 952 3112	Anne Conaghan
Coláiste Naomh Bricín, Béal Tairbirt	049 952 2170	Mary Sheridan
Coláiste Bhreifne, An Cabhán	049 433 1735	John Kearney
Coláiste Achadh an Iúir	049 854 7050	Karen Fitzpatrick
Institiúid an Chabháin	049 433 2633	Ann Marie Lacey
Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh	049 436 1881	Fiona Maloney (AEO)
Ionad Foghlama Aosaigh an Chabháin	049 436 1881	Regina Clarke
Seirbhís Treorach um Oideachas d'Aosaigh	049 437 7001	Jason Donohue
Oideachas Pobail	049 437 7562	Gemma Brady
Teach an Locháin, An Blaic	071 983 6000	Brenda McMullan
Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais	049 436 1881	Fiona Maloney
Tioncnamh um Filleadh ar Oideachas	049 436 1881	Fiona Maloney
Cúrsaí Oideachais d'Aosaigh agus Cúrsaí Oíche	049 436 1881	Fiona Maloney
Seirbhísí don Aos Óg	049 436 1881	Maureen McIntyre
Ógtheagmháil an Chabháin	049 436 1573	Diarmuid Wilson
Ógtheagmháil Mhuinchille	049 555 2561	June Neylon
Ógtheagmháil Dhún an Rí	042 966 8355	Sean Corcoran
Seirbhís Tacaíochta Breisoideachais	049 433 1044	Siobhan Magee

Baill Choiste Ghairmoideachais Chontae an Chabháin (2008)

Cllr. Clifford Kelly (Cathaoirleach)	Francie Fitzsimons
Cllr. Madeleine Argue (Leas-Chathaoirleach)	An Cllr. Anthony Vesey
An Cllr. Paddy Conaty	An Cllr. Maura Maguire Lynch
Niamh Smyth	Niall Lynch
An Cllr. Mary Brady	Edel Myles
An Cllr. Pauline McCauley	Peter Brady
Sinead Donohoe	An Cllr. Shane P. O'Reilly
An Cllr. Patricia Walsh	An Cllr. Freddie Kettyle
Pauline O'Brien	Dessie Boylan
An Cllr. T.P. Smith	

Gluais

AONTAS	Eagraíocht Náisiúnta um Foghlaim d'Aosaigh
CDBOO	Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna
CGO	Coiste Gairmoideachais
DEIS	Delivering Equality of opportunity In Schools (Ag seachadadh Comhionannas deise i Scoileanna)
FÁS	Foras Áiseanna Saothair
MIS/DSS	Management Information System/Decision Support System (Córas Faisnéise Bainistíochta/Córas Tacaíochta Cinnidh)
OSPS	Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
OSSP	Oideachas Sibhialta, Sóisialta agus Polaitiúil
POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
TF	Teicneolaíocht Faisnéise
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide